Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Meitheamh 2022
(OR. en)

10740/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0218(COD)**

ENER 341
CLIMA 326
CONSOM 170
TRANS 452
AGRI 296
IND 262
ENV 677
COMPET 549
FORETS 55
CODEC 1032

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 10746/22 +ADD1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle<br>- Ráiteas comhpháirteach ón nGearmáin, ó Lucsamburg, ón bPolainn, ón bPortaingéil agus ón tSlóivéin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn ráiteas comhpháirteach ón nGearmáin, ó Lucsamburg, ón bPolainn, ón bPortaingéil agus ón tSlóivéin i ndáil leis an gcur chuige ginearálta maidir le hAthbhreithniú ar an Treoir maidir le fuinneamh inathnuaite, mar a leagtar amach in 10488/22 é, agus a pléadh ag an gComhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh ag an 3886ú cruinniú a bhí aici an 27 Meitheamh 2022.

**IARSCRÍBHINN**

**Ráiteas le haghaidh na miontuairiscí**

**maidir le Cur Chuige Ginearálta RED II agus Airteagal 15**

**An Chomhairle Fuinnimh, Lucsamburg, an 27 Meitheamh 2022**

Tá comhthuiscint ag DE, LU, PL, PT agus SI go bhfillfidh an Chomhairle ar na saincheisteanna a ardaíodh sa pháipéar leathoifigiúil ón nGearmáin agus i dtograí CE ó RepowerEU maidir le cead a thabhairt faoi uachtaránacht CZ mar ábhar tosaíochta.

Sa chomhthéacs sin, ba mhaith linn a chur i dtreis nach bhfuilimid ag tacú leis an bhforáil in Airteagal 15(8b) lena bhforáiltear go measfar foinsí inathnuaite agus an bonneagar eangaí lena mbaineann a bheith chun leasa an phobail go sáraitheach agus go bhfuil siad ag freastal ar shábháilteacht an phobail, go bhfuil sí teoranta do na trí Threoir a luaitear sa leagan reatha de théacs an chur chuige ghinearálta. Ní mór feidhm a bheith ag an bhforáil freisin maidir le forálacha ábhartha eile chun leasanna dlíthiúla a chothromú sna nósanna imeachta pleanála agus deonaithe ceadanna.

Má tá an tAontas chun spriocanna uaillmhianacha maidir le fuinneamh inathnuaite a bhaint amach faoi 2030, ní mór foinsí in-athnuaite fuinnimh agus an bonneagar eangaí lena mbaineann a mheas a bheith chun leas an phobail ar bhonn níos leithne. Ní mór tuilleadh measúnaithe agus plé críochnúil a dhéanamh ar an réasúnú dlíthiúil atá taobh thiar de leas sáraitheach an phobail a theorannú go dtí airteagail shonracha.